C/2026/2945

27.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12410 — TOTALENERGIES / MASDAR / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2945)

1. An 20 Bealtaine 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TotalEnergies SE ('TotalEnergies', an Fhrainc),

— Abu Dhabi Future Energy Company — Masdar P.J.S.C ('Masdar', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Abu Dhabi Developmental Holding Company P.J.S.C ('ADQ', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Comhfhiontar nuachruthaithe ('JV HoldCo', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ilfhuinnimh chomhtháite idirnáisiúnta é TotalEnergies, a bhfuil oibríochtaí aige i mbreis agus 130 tír, agus atá ag gabháil do gach earnáil den tionscal ola agus gáis, lena n-áirítear margaí réamhtheachtacha (taiscéalaíocht, forbairt agus táirgeadh hidreacarbóin) agus margaí iartheachtacha (scagadh, peitriceimiceáin, ceimiceáin speisialtachta, trádáil agus loingseoireacht amhola agus táirgí peitriliam agus margaíocht). Tá TotalEnergies rannpháirteach freisin sna hearnálacha fuinnimh in-athnuaite, giniúna cumhachta agus gnólachtaí neodrachta carbóin (éifeachtúlacht fuinnimh, gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, hidrigin, agus réitigh dhúlrabhunaithe),

— Is cuideachta fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaitheachta é Masdar a chuireann réitigh i réimse an fhuinnimh, an uisce, na forbartha uirbí agus na dteicneolaíochtaí glana chun cinn in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ar fud an domhain. Is forbróir agus oibreoir tionscadal fuinnimh in-athnuaite ar scála fóntais, tionscadal eangaí pobail, agus comhairleachta seirbhísí fuinnimh é Masdar. Tá sé gníomhach go háirithe i nginiúint cumhachta fótavoltaí, grianchumhacht chomhchruinnithe, cumhacht ghaoithe agus cumhacht 'dramhaíl go fuinneamh'. Chomh maith leis sin, soláthraíonn Masdar réitigh stórála fuinnimh agus tá sé i mbun teicneolaíochtaí taispeána a fhorbairt i réimse an fhuinnimh in-athnuaite.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag JV HoldCo: rannpháirtíocht eisiach i bhforbairt, maoiniú, tógáil, oibriú, bainistiú agus cothabháil grianfhuinnimh fhótavoltaigh ar scála fóntais (seachas aon ghrianfhuinneamh fótavoltach dín tráchtála agus tionsclaíoch), fuinnimh gaoithe ar talamh, agus tionscadal stórála ceallraí san Asarbaiseáin, san Indinéis, sa tSeapáin, sa Chasacstáin, sa Mhalaeisia, sna hOileáin Fhilipíneacha, i Singeapór, sa Chóiré Theas, agus san Úisbéiceastáin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12410 — TOTALENERGIES / MASDAR / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË